# Antoine Ó Finneadha

# Teicneolaíocht Adhmaid

Is caibidil í seo sa leabhar ***Teicneolaíocht Adhmaid*** a fhoilseofar go luath.

© Foras na Gaeilge, 2026

Téacs © Antoine Ó Finneadha
Léaráidí © Antoine Ó Finneadha
Teimpléad deartha: Susan Meaney
Íomhánna eile: Shutterstock, Maxwell Photography

Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn de roinnt téarmaí teicniúla.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

AN GÚM

Caibidil 20

# Daingnitheoirí, Ceanglóirí, Feistithe

## Torthaí Foghlama

- 1.3, 1.7, 1.8, 1.10
- 2.11

## Téamaí na caibidle seo:

- Daingnitheoirí, ceanglóirí agus feistithe a aithint
- Tuiscint a fháil ar úsáid na ndaingnitheoirí, na gceanglóirí agus na bhfeistithe i dtionscadal agus oiriúnacht na gceann is coitianta a mheas
- Modhanna oibre a bhaineann le feistiú na ndaingnitheoirí, na gceanglóirí agus na bhfeistithe a fhoghlaim

Úsáidtear an iliomad daingnitheoirí, ceanglóirí agus feistithe sa teicneolaíocht adhmaid. Déantar iad a rangú i gcatagóirí éagsúla, e.g. tairní, insí, murláin, etc., ach tá rogha leathan ar fáil i ngach catagóir. Nuair atá déantán á dhearadh agat is gá machnamh a dhéanamh ar na daingnitheoirí, na ceanglóirí agus na feistithe is oiriúnaí don obair atá idir lámha agat. Ní úsáidfidh tú ceann acu i gcás gach déantáin, ar ndóigh. Is ar na cúiseanna seo a úsáidtear na daingnitheoirí, na ceanglóirí agus na feistithe de ghnáth:

- Luas: is féidir píosaí a nascadh le chéile go han-tapa le cuid acu.
- Costas: uaireanta bíonn sé níos saoire déantán a dhéanamh ach daingnitheoir, ceanglóir nó feistiú ar leith a úsáid mar chuid den obair.
- Ornáidíocht: cuireann cuid acu cuma dheas ar an déantán.


I gcás cuid de na daingnitheoirí, na ceanglóirí agus na feistithe, tá raon mór dathanna ar fáil. Tá cuid acu déanta as ábhair éagsúla freisin, e.g. murláin miotail agus murláin éagsúla adhmaid. Cuid acu freisin, bíonn costas ard ag baint leo. Mar sin, is fiú a chinntiú go bhfuil an ceann ceart roghnaithe agat sula gceannaíonn tú é.




**20.1 Inse ornáideach**

# Tairní

Is minic a úsáidtear tairní chun píosaí adhmaid a nascadh le chéile. Modh tapa agus éasca is ea an tairneáil. Ní bhíonn tairní an-láidir astu féin, áfach, mar sin cuirtear gliú ar an alt chomh maith chun é a láidriú. Is fearr an tairne a choinneáil ar uillinn 90° leis an adhmad nuair atá sé á thiomáint sa chaoi is gur féidir ceann an tairne a bhualadh go cruinn agus sa chaoi is go dtéann an tairne go díreach isteach san adhmad gan lúbadh.




20.2 Fórsaí a bhaineann le tiomáint an tairne




20.3 Tairne a chur isteach san adhmad

Sula dtiomáintear an tairne isteach san adhmad, ní mór an bradmheana a úsáid chun poll a tholladh ann. Castar an bradmheana ar deiseal agus ar tuathal chun poll beag a tholladh. Beidh sé níos éasca an tairne a thiomáint isteach san áit cheart san adhmad ansin agus gan an t-adhmad a scoilteadh.

Is féidir pionna éadaigh, seachas do mhéara, a úsáid chun an tairne a choinneáil díreach agus san áit cheart fad is atá na chéad buillí á dtarraingt agat ar an tairne leis an gcasúr. Má theipeann ort an tairne a bhualadh uair nó dhó, is é an pionna a bhuailfidh tú leis an gcasúr seachas do mhéara. Ansin nuair atá cuid den tairne istigh san adhmad, coinneoidh an t-adhmad san áit cheart é. Féach Fíor 20.3.


20.4 Tairneáil sceabhach / tairneáil dhéadach



20.5 Codanna an tairní

**tairne** nail · **tairneáil sceabhach** skew nailing
**tairneáil dhéadach** dovetail nailing





Tugtar tairneáil sceabhach nó tairneáil dhéadach ar an modh tairneála ina dtiomáintear na tairní isteach san adhmad agus iad claonta. Bíonn nasc láidir ann dá bharr. Féach Fíor 20.4.


Is as cruach bhog a dhéantar tairní de ghnáth, ach déantar tairní as cruach chruaite, prás agus copar chomh maith. Is le haghaidh brící nó le haghaidh ballaí bloic atá na tairní atá déanta as cruach cruaite. Úsáidtear na tairní práis agus copair i gcomhair obair ornáideach. Tá na tairní práis agus copair frithchreimneach chomh maith.



20.6 Tairní éagsúla

## Sreangthairní Ubhchruthacha

Tairní láidre is ea iad seo agus úsáidtear sa tsiúinéireacht éadrom agus sa tsiúinéireacht gharbh iad. Ubhchruthach atá an ceann agus an chos. Dá bhrí sin is lú an seans go scoiltfidh an t-adhmad nuair a thiomáintear na tairní isteach ann. Ba cheart go mbeadh an chuid leathan de cheann an tairne comhthreomhar le snáithe an adhmaid. Is féidir ceann an tairne a thiomáint giota beag faoi dhromchla an adhmaid leis an bpritil tairní agus an poll a líonadh le líonach adhmaid. As cruach bhog gheal a dhéantar na tairní ubhchruthacha agus iad idir 20 mm agus 150 mm ar fad.



20.7 Treo an tsreangthairne ubhchruthaigh

**sreangthairne ubhchruthach** oval wire nail · **pionna painéil** panel pin nail
**tairne ceannleathan** clout nail · **tacóid ghearrtha** cut tack
**tairne cumhdaitheoireachta** upholstery nail · **stápla** staple · **siúinéireacht** joinery

## Pionnaí Painéil

Bíonn cosa caola agus cinn bheaga ar phionnaí painéil. Baintear úsáid astu chun crua-chlár nó sraithadhmad tanaí a ghreamú, mar shampla. Is minic a úsáidtear iad in éineacht le greamachán chun ailt bheaga a dhaingniú freisin. Ní mór a bheith cúramach nuair atá pionnaí painéil á dtiomáint isteach san adhmad mar go lúbann siad go héasca. Cruach bhog gheal a bhíonn sna pionnaí painéil agus iad idir 12 mm agus 50 mm ar fad. De ghnáth bíonn siad galbhánaithe chun iad a chosaint ar mheirg.

## Tairní Ceannleathana

Tairní beaga téagartha iad na tairní ceannleathana. Tá ceann an-leathan agus cothrom orthu. Scaipeann ceann an tairne an brú chun nach scoiltfear an t-ábhar ina bhfuil sé. Úsáidtear tairní ceannleathana chun feilt a ghreamú den chaolach in obair foirgníochta, mar shampla. Is i gcomhair obair lasmuigh a úsáidtear na tairní ceannleathana go hiondúil. Dá bharr sin, bíonn siad galbhánaithe chun iad a chosaint ar mheirg. Tá tairní ceannleathana copair ar fáil chomh maith. Idir 15 mm agus 65 mm ar fad a bhíonn siad.

## Tacóidí Gearrtha

Baintear an-úsáid as na tacóidí gearrtha sa chumhdaitheoireacht. Is leis na tairní seo a ghreamaítear éadach nó cairpéad de fhrámaí adhmaid. Tá bior an-ghéar ar na tacóidí gearrtha agus tá sé éasca iad a thiomáint isteach san adhmad dá bharr sin. De ghnáth bíonn dath dubh orthu. Idir 12 mm agus 30 mm ar fad a bhíonn siad.

## Tairní Cumhdaitheoireachta

Cruth cruinneacháin atá ar cheann na dtairní cumhdaitheoireachta. Baintear úsáid astu ar throscán chun éadach nó leathar a ghreamú d'adhmad. Tairní ornáideacha atá iontu. Bíonn dath dubh nó cré-umha orthu. Idir 12 mm agus 25 mm ar fad a bhíonn siad.

## Stáplaí

Baintear úsáid as stáplaí chun cáblaí, sreanga nó éadach a ghreamú d'adhmad. Tá dhá chos orthu agus bior ar an dá chos. As cruach gheal a dhéantar na stáplaí. Tá siad galbhánaithe ionas gur féidir iad a úsáid lasmuigh.



20.8 **Stápla i sconsa sreinge deilgní**



**feilt** felt · **caolach** batten · **galbhánaithe** galvanised · **meirg** rust
**cumhdaitheoireacht** upholstery · **sreang dheilgneach** barbed wire




## Ceanglóirí Rocacha

Tá an ceanglóir rocach déanta as píosa miotail atá roctha. Déantar é a thiomáint isteach san adhmad le casúr nó le haerghunna. Tá an ceanglóir rocach an-úsáideach nuair atá mítéaralt nó bunalt á dhéanamh. Tá sé tábhachtach an dá phíosa adhmaid a dhaingniú agus iad a choinneáil cothrom lena chéile agus an ceanglóir rocach á thiomáint isteach san adhmad. Murach sin, ní bheidh an t-alt cearnach. As cruach gheal a dhéantar na ceanglóirí rocacha. Idir 5 mm agus 30 mm ar fad a bhíonn siad.




20.9 **Ceanglóir rocach**




20.10 **Ceanglóir rocach i mítéaralt**

## Preabsheamanna


Is féidir dhá ábhar a nascadh le chéile go héasca agus go tapa ach preabsheamanna a úsáid. Úsáidtear preabsheamanna le miotal, leathar, plaisteach agus adhmad a nascadh.




20.11 **Codanna an phreabsheama**

Sula gcuirtear an preabsheam isteach san ábhar, déantar poll a tholladh sa dá phíosa atá le nascadh le chéile. Is ionann trastomhas an phoill agus trastomhas an phreabsheama. Cuirtear ceann na mandraile agus an seam isteach sa pholl sin. Úsáidtear an gunna preabsheama chun an mhandrail a tharraingt. Téann ceann na mandraile isteach sa seam agus spréann an seam go dtí go bhfuil dhá cheann ar an seam. Ansin briseann an mhandrail. Fágtar an preabsheam a bhfuil dhá cheann air sa pholl agus nascann sé sin an dá phíosa le chéile. Féach Fíor 20.12 ar an gcéad leathanach eile.

**ceanglóir rocach** corrugated fastener / wiggle nail · **roctha** corrugated
**aerghunna** air gun · **preabsheam** pop rivet · **seam** rivet
**mandrail** mandrel · **gunna preabsheama** pop rivet gun




20.12 An chaoi a n-oibríonn preabsheamanna


## Scriúnna

Is modh an-éifeachtach agus éasca é scriúnna a úsáid chun dhá phíosa adhmaid a nascadh. Nuair atá scriú á roghnú agat, is fiú machnamh a dhéanamh ar na rudaí seo: fad an scriú, tiús an scriú, an cruth atá ar cheann an scriú agus an t-ábhar as a bhfuil an scriú déanta.

Maidir le ceann an scriú, is iad na cruthanna is coitianta ná ceannchruinn, ceannardaithe agus ceannleacaithe. Féach Fíor 20.13.



20.13 Na scriúnna is coitianta



20.14 Codanna an scriú agus poll an scriú






Déantar cur síos i gCaibidil 15 ar na scriúirí is coitianta agus ar chruth na sliotán a bhíonn i gceann an scriú.

Is minic a chlúdaítear ceann an scriú chun nach mbeidh sé le feiceáil. Is minic a chlúdaítear le dallán adhmaid iad. Féach Caibidil 17. Úsáidtear clúdach plaistigh nó miotail chomh maith, rud atá coitianta i ndéantús troscáin. Féach Fíor 20.15.

Tá scriúnna ann a bhfuil feidhm eile acu seachas píosaí adhmaid a nascadh le chéile. Crochtar eochracha nó sreanga orthu, mar shampla. Féach Fíor 20.16.


20.15 Clúdach plaisteach á chur ar scriú




20.16 An crúscriú agus an crúca cupáin

## Feistithe So-scaoilte

### Ionsáiteáin Slischláir

Tá sé an-deacair dhá phíosa slischláir a ghreamú dá chéile go docht daingean, fiú má úsáidtear gliú nó scriúnna maithe. Úsáidtear ionsáiteáin snáithithe níolóin, mar sin, chun an dá phíosa slischláir a nascadh.

Déantar poll a tholladh i gceann an phíosa slischláir. Cuirtear an t-ionsáiteán isteach sa pholl. Ansin leathnaíonn an t-ionsáiteán nuair a thiomáintear an scriú isteach ann agus déantar alt láidir. Tá na hionsáiteáin slischláir an-áisiúil mar is féidir na píosaí slischláir a scaradh óna chéile arís, más gá. Úsáidtear an modh ceangail seo go minic i dtroscán leacphaca.



20.17 Ionsáiteán slischláir

## Cónascairí Painéil

Úsáidtear cónascairí painéil chun na páirteanna i ráille láimhe a nascadh, mar shampla, nó chun na painéil i gcuntar oibre a cheangal dá chéile. Déantar poll stoptha a dhruileáil sa dá phíosa adhmaid. Ansin gearrtar sliotán caol ón pholl go himeall an chláir sa dá phíosa adhmaid. Tá an dá shliotán buailte ar a chéile agus is ann a théann bolta an chónascaire. Suíonn dhá cheann an chónascaire sa dá pholl. Úsáidtear castaire chun an bolta a fháscadh agus tarraingítear an dá phíosa adhmaid le chéile.

## Cónascaire Caibinéid


Is chun cófraí agus caibinéid cistine a cheangal dá chéile taobh le taobh is mó a úsáidtear an cónascaire caibinéid. Déantar poll a tholladh sa dá chaibinéid. Téann an bolta snáithithe isteach trí pholl amháin agus suíonn an cnó isteach sa pholl eile. Úsáidtear scriúire chun an bolta a chasadh isteach sa chnó ansin agus tarraingítear an dá chaibinéad le chéile.

## An Bolta agus an Cnó Bairille


Baintear úsáid as an mbolta agus an cnó bairille i gcathaoireacha, i bhfrámaí leapa agus i bhfrámaí boird. Is le heochair Allen a theanntar an bolta. Is féidir é a úsáid in ionad alt adhmadóireachta (e.g. alt moirtíse agus tionúir) a dhéanamh. Sa chás sin, is gnách duail a úsáid in éineacht leis, rud a choinnníonn dhá phíosa an ailt socair.

## An T-Chnó agus Bolta


Is feistiú socair é seo nach n-éiríonn scaoilte go héasca. Nuair a chastar an bolta sa T-chnó fiaclach, téann fiacla an chnó isteach san adhmad agus ní féidir leis an mbolta rothlú a thuilleadh.




20.18 Cónascaire caibinéid




20.19 An bolta agus an cnó bairille





20.20 Cónascairí éagsúla

## Cónascaire Ceama

Úsáidtear an cónascaire ceama chun dhá chlár a nascadh ar uileann 90°. Tá dhá chuid ann: an dual miotail agus an ceam. Tá poll sa cheam, áit a gcuirtear ceann an duail. Ansin, castar an ceam le scriúire agus ceapann sé ceann an duail mar a bheadh glas ann. Is minic an cónascaire ceama in úsáid i dtroscán leacphaca.

## An Blocalt

Cuirtear bloc plaisteach amháin, nó dhá cheann, san áit a dtagann dhá chlár le chéile chun blocalt a dhéanamh. Tá an blocalt an-úsáideach i gcomhair painéil a cheangal ar uillinn 90°. Greamaítear na bloic den adhmad le scriúnna. Má tá dhá bhloc in úsáid, greamaítear na bloic dá chéile le scriúnna agus le boltaí, rud a tharraingíonn na painéil le chéile. Féach Fíor 20.21.





20.21 An blocalt

**cónascaire painéil** panel connector · **sliotán** slot · **castaire** spanner
**cónascaire caibinéid** cabinet connector · **cnó** nut · **bolta** bolt · **cnó bairille** barrel nut
**T-chnó** T-nut · **T-chnó fiaclach** pronged T-nut

**cónascaire ceama** cam fitting · **ceam** cam · **blocalt** block joint

## Plátaí Craptha agus Plátaí Cúinne

De ghnáth úsáidtear na plátaí seo in áiteanna a bhfuil dhá phíosa adhmaid le ceangal ar uillinn 90°. Is í an fheidhm atá acu ná neart sa bhreis a thabhairt don alt. Cineál brac uillinne is ea an pláta craptha, ach go bhfuil sliotáin ann. Fágann sin gur féidir doichte an scriú a choigeartú agus go ligeann na plátaí craptha don adhmad crapadh nó at gan damáiste a dhéanamh don adhmad.




**20.22 Plátaí craptha agus braic uilinne**



**20.23 Braic uilinne i gcúinne**

Tugann plátaí cúinne neart don alt, e.g. san áit a dtagann cosa bord agus na ráillí le chéile. Tarraingíonn siad na píosaí adhmaid go daingean i gcoinne a chéile. Le scriúnna agus le bolta a cheanglaítear iad.



**20.24 Pláta cúinne**



**20.25 Pláta cúinne á chur ar chathaoir**

## An Cónascaire Bunchaolaithe


Úsáidtear an cónascaire bunchaolaithe go minic chun cófraí balla a chrochadh. Sleamhnaítear comhbhall amháin isteach sa chomhbhall eile agus glasann an dá bhall go daingean ina chéile mar go bhfuil siad níos caoile as an mbun.








**20.26 An cónascaire bunchaolaithe**




**20.27 An cónascaire bunchaolaithe in úsáid agus cistin fheistithe á feistiú**

# Insí




**20.28 Insí éagsúla**

## An Buninse

Cuirtear an buninse ar fhuinneoga, ar dhoirse agus ar chlúdaigh bhosca, mar shampla. Is é an t-inse is coitianta é. Tá cineálacha éagsúla buninse ann agus iad déanta as ábhair dhifriúla.

## An tInse Pianó

Cineál buninse is ea é seo. Tá an t-inse pianó an-áisiúil mar is féidir é a ghearradh san fhad a theastaíonn uait. Úsáidtear é nuair atá inse láidir ag teastáil, chun doras trom a iompar, mar shampla. Ina fhad de 2 m a dhíoltar an t-inse pianó de ghnáth.

## An tInse So-Scartha


Úsáidtear an t-inse so-scartha ar dhoirse taobh istigh den teach agus ar gheataí taobh amuigh. Is féidir doras nó geata a bhfuil an t-inse seo air a bhaint den fhráma go héasca. Má tá troscán le bogadh ó sheomra amháin go seomra eile, mar shampla, is féidir an doras a bhaint den fhráma agus beidh breis spáis ann chun an ball troscáin a thabhairt trí fhráma an dorais. Tá leagan deisil agus leagan tuathail den inse seo ar fáil.

## An Buninse Ardaitheach

Nuair a osclaítear doras a bhfuil an t-inse seo air ardaíonn ceann de na liopaí ar an inse. Ardaíonn sé sin an doras beagáinín de réir mar a osclaítear é. Úsáidtear an t-inse seo má táthar ag iarraidh mata nó brat urláir a chosaint ar an doras, mar shampla. Tá leagan deisil agus leagan tuathail den inse seo ar fáil.

## An tInse Riailailt

Úsáidtear an t-inse seo ar bhoird bileoige, mar shampla. Is inse néata é a bhíonn i bhfolach faoin adhmad. Tá sé déanta as prás agus tá sé láidir. Tá dhá thaobh ar an inse, an liopa a cheanglaítear den bhord agus an liopa a cheanglaítear den bhileog. Tá an liopa a cheanglaítear den bhileog níos faide ná an liopa eile chun go mbeidh spás ann don riailalt.




20.29 **Inse riailailt á fheistiú**

**liopa** leaf · **bord bileoige** drop leaf table





## An T-Inse

Is inse tromshaothair é an T-inse. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis go leor meáchain a iompar. De ghnáth úsáidtear é ar dhéantáin a bheidh lasmuigh, geataí, mar shampla.

## An tInse Comhréidh

Úsáidtear an t-inse comhréidh ar dhoirse atá an-éadrom. Bíonn sé éasca an t-inse seo a chur ar dhéantán toisc nach gá é a neadú isteach san adhmad. Suíonn an t-inse níos fearr má úsáidtear scriú ceannleacaithe chun an t-inse a cheangal den adhmad.

## An tInse Caibinéid Crománach


Úsáidtear an t-inse caibinéid crománach chun doirse caibinéid a chrochadh. Chun tosaigh ar fhráma an chaibinéid a théann an doras. Bíonn an doras níos leithne ná an oscailt i bhfráma an chaibinéid. Bíonn biorán an inse le feiceáil nuair atá an doras dúnta ach bíonn an chuid eile de i bhfolach.

## An tInse Caibinéid Folaithe

Is minic gurb é an t-inse caibinéid folaithe a úsáidtear chun doirse caibinéid chistine a chrochadh. Tá an t-inse caibinéid folaithe an-áisiúil mar gheall ar an meicníocht atá ann. Stopann an mheicníocht an doras ag bualadh i gcoinne an chéad doras eile nuair a osclaítear é. Tá na scriúnna ar an inse seo socraithe ar bhealach speisialta freisin chun gur féidir iad a choigeartú. Bíonn sé níos éasca, mar sin, sraith doirse a ailíniú go cruinn.

## Inse a Fheistiú

Tá cur síos ar na céimeanna a bhaineann le buninse a fheistiú i bhFíor 20.30.




20.30 **Inse á fheistiú**


**tromshaothar** heavy duty · **neadú** set in / recess
**ailíniú** alignment · **meicníocht** mechanism

# Glais

Úsáidtear glais chun doras a dhúnadh nó chun rudaí luachmhara a chosaint. Is féidir go leor glas difriúil a fháil, ag brath ar cibé dath, ábhar etc. atá ag teastáil.

## An Glas Moirtíse

Is é an glas moirtíse a bhíonn ar dhoirse tí de ghnáth. Is glas an-éifeachtach é mar go mbíonn páirteanna an ghlais i bhfolach san adhmad nuair atá an doras dúnta. Gearrtar moirtís sa doras féin le haghaidh an ghlais. Ansin déantar an pláta greamaithe a neadú san ursain. Téann bolta an ghlais isteach sa phláta greamaithe nuair a chastar an eochair.



20.31 **An glas moirtise**



20.32 **Glas moirtise á chur i ndoras**

## An Glas Cupaird

Déantar an glas seo a scriúáil de dhromchla an dorais. Ní gá é a neadú isteach san adhmad. Gearrtar moirtís i bhfráma an dorais chun go rachaidh an bolta isteach inti. Oibríonn an glas cupaird ar deiseal nó ar tuathal mar gur féidir an barda atá taobh istigh den ghlas a chasadh sa dá threo. De ghnáth is as prás nó as cruach a dhéantar an glas cupaird.



20.33 **An glas cupaird**

**glas moirtise** mortise lock · **pláta greamaithe** strike plate / keeper
**ursain** doorjamb · **glas cupaird** cupboard lock · **barda** ward





## An Glas Dorais Ionsuite

Is minic a chuirtear an glas dorais ionsuite i dtarraiceáin. Déantar an glas seo a neadú san adhmad. Gluaiseacht shingil atá sa bharda, i.e. ní chasann an eochair ná an bolta ach san aon treo amháin. Mar sin is gá leagan deisil nó leagan tuathail den ghlas seo a fháil ag brath ar an áit a gcuirfear an glas ar an doras.



20.34 **An glas dorais ionsuite**

## An Glas Bosca

Tá dhá pháirt sa ghlas bosca: an glas féin agus an pláta greamaithe. Déantar an dá cheann acu a neadú san adhmad. Scriúáiltear an glas den bhosca agus an pláta greamaithe de chlár an bhosca. Nuair a chastar an eochair sa ghlas, téann na crúcaí atá sa ghlas isteach sna crúcaí atá sa phláta greamaithe chun nach mbeifear ábalta an bosca a oscailt.



20.35 **An glas bosca**

## An Ceapghlas

Is annamh a úsáidtear an ceapghlas sa lá atá inniu ann. Feictear i seantithe nó i mbotháin fós é, áfach. Is glas é atá éasca le ceangal. Ar an taobh istigh den doras a bhíonn sé. Déantar an glas a scriúáil de dhromchla an dorais agus déantar an pláta greamaithe a scriúáil den ursain.



20.36 **An ceapghlas**

**glas dorais ionsuite** cut door lock · **glas bosca** box lock · **ceapghlas** rim lock

## Glas a Fheistiú


Tá cur síos thíos ar na céimeanna agus ar an modh oibre a bhaineann le glas moirtíse a chur i ndoras.

### Glas Moirtíse a Fheistiú

1. Marcáil poll na moirtíse, poll na heochrach agus poll na fearsaide.




2. Socraigh an stop doimhneachta. Tosaigh ar an moirtís a ghearradh leis an druillire.




3. Bain an fuíolladhmad le siséal. Gearr céim don phláta tosaigh.




4. Seiceáil go dtéann an glas isteach i gceart. Druileáil poll na heochrach agus poll na fearsaide.




5. Cuir an glas isteach sa mhoirtís. Cinntigh go bhfuil na poill san áit cheart.



6. Daingnigh páirteanna éagsúla an ghlais le scriúnna.



7. Marcáil poll an phláta greamaithe ar an ursain. Bain amach an fuoílladhmad chun céim, poll an laiste agus poll an bholta a dhéanamh. Seiceáil go bhfuil an pláta greamaithe neadaithe san ursain i gceart agus daingnigh le scriúnna é.







## Laistí agus Boltaí

Mura bhfuil glas de dhíth ort, is féidir laiste nó bolta a chur ar dhoras chun é a choimeád dúnta. Tá go leor laistí difriúla ar fáil. Cuid acu bíonn maighnéad nó ceanglóir eile iontu. Féach Fíor 20.37.




**20.37 Laistí agus boltaí éagsúla**

Tá sé tábhachtach laiste oiriúnach a roghnú don obair atá idir lámha agat. Más le haghaidh doras trom atá an laiste, mar shampla, caithfear laiste láidir a úsáid. Ba cheart go mbeadh dath agus ábhar an laiste oiriúnach don áit a gcuirfear an laiste chomh maith.



**20.38 Laiste ornáideach ar bhosca adhmaid**

Daingnitheoirí, Ceanglóirí agus Feistithe

# Murláin Dorais

Tá go leor murláin éagsúla dorais ar fáil sa lá atá inniu ann. Déantar murláin as ábhair dhifriúla, e.g. adhmad, miotal nó plaisteach.




20.39 **Murláin adhmaid**



20.40 **Murláin éagsúla**


Tá cur síos ar na céimeanna a bhaineann le murlán a fheistiú i bhFíor 20.41.




20.41 **Murlán dorais á chur ar dhoras cupaird**

## Teimpléad don Tolladh

Má tá poll le tolladh agat san áit chéanna ar roinnt mhaith doirse, is féidir teimpléad a úsáid lena chinntiú gur san áit chéanna ar gach doras a bheidh an poll. De ghnáth is as fuíolladhmad a dhéantar an teimpléad.




20.42 **Teimpléad á úsáid**

**murlán dorais** door handle/knob